| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Ná bris an bréagán. | Don’t break the toy. |
| | Bhris mé an bréagán. | I broke the toy. |
| | **Bhrisfinn** an bréagán. | **I would break** the toy. |
| | **Ní bhrisfinn** an bréagán. | **I wouldn’t break** the toy. |
| | **An mbrisfeá** an bréagán? | **Would you break** the toy? |
| | **Bhrisfinn**. | Yes (I would break). |
| | **Ní bhrisfinn**. | No (I wouldn’t break). |
| | | |
| | **Bhrisfinn** an bréagán. | **I would break** the toy. |
| | **Bhrisfeá** an bréagán. | **You would break** the toy. |
| | **Bhrisfeadh** sé an bréagán. | He **would break** the toy. |
| | **Bhrisfeadh** sí an bréagán. | She **would break** the toy. |
| | **Bhrisfimis** an bréagán. | **We would break** the toy. |
| | **Bhrisfeadh** sibh an bréagán. | Y’all **would break** the toy. |
| | **Bhrisfidís** an bréagán. | They **would break** the toy. |
| | | |
| | **D’ólfainn** uisce. | **I would drink** water. |
| | **An ólfá** uisce? | **Would you drink** water? |
| | **D’ólfainn**. | Yes (**I would drink**). |
| | **Ní ólfainn**. | No (**I wouldn’t drink**). |
| | | |
| | **D’ólfainn** uisce. | **I would drink** water. |
| | **D’ólfá** uisce. | **You would drink** water. |
| | **D’ólfadh** sé uisce. | He **would drink** water. |
| | **D’ólfadh** sí uisce. | She **would drink** water. |
| | **D’ólfaimis** uisce. | **We would drink** water. |
| | **D’ólfadh** sibh uisce. | Y’all **would drink** water. |
| | **D’ólfaidís** uisce. | They **would drink** water. |
| | | |
| **2.** | Ceannaigh an carr. | Buy the car. |
| | Cheannaigh mé an carr. | I bought the car. |
| | **Cheannóinn** an carr. | I would buy the car. |
| | **An gceannófá** an carr? | Would you buy the car? |
| | **Cheannóinn**. | Yes (I would buy). |
| | **Ní cheannóinn**. | No (I wouldn’t buy). |
| | | |
| | **Cheannóinn** an carr. | **I would buy** the car. |
| | **Cheannófá** an carr. | **You would buy** the car. |
| | **Cheannódh** sé an carr. | He **would buy** the car. |
| | **Cheannódh** sí an carr. | She **would buy** the car. |
| | **Cheannóimis** an carr. | **We would buy** the car. |
| | **Cheannódh** sibh an carr. | Y’all **would buy** the car. |
| | **Cheannóidís** an carr. | They **would buy** the car. |

| Comhrá 1 | Conversation 1 |
|---|---|
| A: **An ólfá** cupán tae? | **Would you drink** a cup of tea? |
| B: **D'ólfainn**. Go raibh maith agat. | **I would [drink]**. Thank you. |
| A: An gcuirfidh mé aon rud ann? | Will I put anything in it? |
| B: **An gcuirfeá** uachtar agus siúcra ann? | **Would you put** cream and sugar in it? |
| A: **Chuirfinn** agus fáilte. | Yes [**I would put**], gladly. |
| **An ólfadh** Seán aon rud? | **Would** Sean **drink** anything? |
| B: **Ní ólfadh**. Go raibh maith agat. | No [**wouldn't drink**]. Thank you. |

| Comhrá 2 | Conversation 2 |
|---|---|
| A: **An gceannódh** do chara mo charr? | **Would** your friend **buy** my car? |
| B: **Cheannódh**, ach níl an t-airgead aige. | Yes [**would buy**], but he doesn't have the money. |
| A: **An gceannódh** sé ar míle euro é? | **Would** he **buy** it for a thousand euro? |
| B: B'fhéidir. | Perhaps. |
| A: **An labhrófá** leis faoi? | **Would you speak** to him about it? |
| B: **Labhróinn** agus fáilte. | Yes [**I would speak**], gladly. |

| Dan – Brionglóid an tSeanbhacaigh<br>Le Odhran Ó Donnabháin | Poem – Dream of the Old Beggar<br>By Odhran Ó Donnabháin |
|---|---|
| Dá **gcnagfainn** ar an doras<br>**d'osclódh** duine é.<br>**D'iarrfainn** "An féidir liom teacht isteach,<br>a dhuine uasail, a bhean a' tí?" | If **I would knock** on the door<br>a person **would open** it.<br>**I would ask**, "May I come in,<br>Sir, Ma'am?" |
| **D'fhreagródh** sise "Cinnte,<br>sin an seomra suite.<br>Suigh síos ansin ar feadh soicind<br>'s réiteoidh mé lón beag duitse." | She **would answer** "Of course,<br>that is the sitting room.<br>Sit down there for a second<br>and I will prepare a small lunch for you." |
| **Shuífinn** síos cois tine<br>in aice le piscín liath.<br>**Thiocfadh** bean a' tí isteach<br>le cupán tae is le bia. | **I would sit** down by the fire<br>next to a grey kitten.<br>The woman of the house **would come** in<br>with a cup of tea and with food. |
| **D'ólfainn** an tae agus **d'íosfainn** mo lón.<br>**Nach** é a **bheadh** go blasta?<br>**Bheadh** comhrá agam le bean a' tí,<br>is **d'imeoinn** liom go sásta. | **I would drink** the tea and **I would eat** the lunch.<br>**Wouldn't** it **be** delicious?<br>I **would** converse with the woman of the house,<br>and **I would leave** contented. |
| Ach ní mar sin a bhíonn,<br>nuair a chnagaim ar dhoras, áfach.<br>Béiceann daoine go feargach orm,<br>"Imigh leat, a dhuine salach". | But that's not how it is,<br>when I knock on a door, though.<br>People scream angrily at me,<br>"Go away, dirty man". |

| **Ceisteanna** | **Questions** |
| --- | --- |
| 1. An ólfá tae le him?<br>D'ólfainn. Ní ólfainn. | Would you drink tea with butter?<br>Yes. No. |
| 2. An gcuirfeá bainne i do chuid caife?<br>Chuirfinn. Ní chuirfinn. | Would you put milk in your coffee?<br>Yes. No. |
| 3. An gceannófá carr bándearg?<br>Cheannóinn. Ní cheannóinn. | Would you buy a pink car?<br>Yes. No. |
| 4. An mbrisfeadh éan fuinneog?<br>Bhrisfeadh. Ní bhrisfeadh. | Would a bird break a window?<br>Yes. No. |
| 5. An imeofá abhaile ar an mbus?<br>D'imeoinn. Ní imeoinn. | Would you go home on the bus?<br>Yes. No. |
| 6. An mbreathnófá ar scannán Gaeilge?<br>Bhreathnóinn. Ní bhreathnóinn. | Would you watch an Irish film?<br>Yes. No. |
| 7. An íosfá seilide?<br>D'íosfainn. Ní íosfainn. | Would you eat a snail?<br>Yes. No. |
| 8. An siúlfá ar loch reoite?<br>Shiúlfainn. Ní shiúlfainn. | Would you walk on a frozen lake?<br>Yes. No. |
| 9. An léifeá úrscéal uafáis?<br>Léifinn. Ní léifinn. | Would you read a horror novel?<br>Yes. No. |
| 10. An imreofá cluiche peile?<br>D'imreoinn. Ní imreoinn. | Would you play a game of (Gaelic) football?<br>Yes. No. |